# Ráiteas maidir le Gealltanais Feidhmíochta 2026

Curtha faoi bhráid na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus Choimisiún na Meán

# Réamhrá & Comhthéacs don bhliain 2026

## Achoimre ar Straitéis 2023 – 2027

**Fís TG4 :** Le scála maoinithe den chéad scoth agus trí dhíriú níos mó ar dhaoine óga agus ar chruthaitheacht neamhspleách na hÉireann, leanfaidh TG4 ag mealladh lucht féachana de gach aois agus de bhunchloch a leagan síos chun pobal na Gaeilge a chothú ionas go n-éireoidh le hidirnáisiúnú an tionscail sna réigiúin. Le "TG4 Gach Áit" agus branda a shamhlaítear leis na meáin chruthaitheacha Ghaeilge, cinnteoimid gur den tábhacht é ábhar seirbhíse poiblí Gaeilge agus go mbeidh sin feiceálach in Éirinn an lae inniu.

1. **Seirbhísí do Leanaí:** Cur leis na seirbhísí do leanaí, agus lena rannpháirtíocht le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.
2. **An Lucht Féachana Níos Óige:** Ábhar misniúil spreagúil a chur ar fáil do dhaoine idir 15 agus 34 bliain d'aois agus lucht féachana níos óige a chur i lár an aonaigh ar ardáin shóisialta TG4 agus ar líne.
3. **Acmhainní Oideachais:** Punann uaillmhianach d'acmhainní oideachais a fhorbairt a chuirfidh tús le ré nua d'fhoghlaim na Gaeilge agus den fhoghlaim trí Ghaeilge, rud a chabhróidh le fás na Gaeilge.
4. **Nuacht & Cúrsaí Reatha:** Nuacht agus cúrsaí reatha a athshamhlú faoi bhranda TG4, agus TG4 a thabhairt chun cinn mar sholáthraí ilardán a chuireann clúdach sainiúil nuachta ar fáil agus dul i mbun taighde ar chláir faoi chúrsaí reatha.
5. **Na hEalaíona, Cultúr & Oidhreacht agus Spórt na hÉireann:** TG4 a fhorbairt go mbeidh ina ardán chun na healaíona, cultúr & oidhreacht agus spórt na hÉireann a chur chun cinn.
6. **Scannánaíocht & Drámaíocht na Gaeilge:** Scála léirithe scannán agus drámaíocht teilifíse na Gaeilge a fhorbairt i réigiúin na hÉireann.
7. **Infheistiú san Earnáil Léiriúcháin :** Daoine cumasacha agus fiontraíocht in earnáil léiriúcháin na hÉireann a thabhairt chun cinn.
8. **TG4 Inbhuanaithe & Cuimsitheach:** TG4 atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a fhorbairt.

# Méadracht agus Spriocanna ASPC 2026

## Cur leis an Lucht Féachana

| Méadracht | Sprioc 2026 |
|---|---|
| Sciar den lucht féachana teilifíse náisiúnta (TAM Ireland). | 2.4% |
| Lucht féachana teilifíse náisiúnta (TAM Ireland). | 3.7m |
| Lucht féachana Gaeilge (uile) / lucht féachana Gaeltachta (ar an meán gach seachtain) (Fios Físe). | 65% / 70% |
| Úsáid as ábhar TG4 tras-ardáin (amhairc agus nóiméid)[1]. | 9.5m Amharc agus 130m Nóiméad |
| An líon nóiméad d'ábhar líneach TG4 ar féachadh air. | 4,800m[2] |
| Na Meáin Shóisialta (gach ardán): Amhairc agus Taispeáintí Físe. | 102.3m Amharc agus 300m Taispeáint |
| An líon uaireanta d'ábhar atá oiriúnach do gach ardán (uaireanta nua). | 50+ Uair |
| Lucht féachana idirnáisiúnta TG4: líon na n-amharc físe VoD idirnáisiúnta. | 1.91m |

## An Lucht Féachana Níos Óige

| Méadracht | Sprioc 2026 |
|---|---|
| Lucht féachana trasmheáin Gaeilge TG4 (daoine 15-34 bliain d'aois) (Fios Físe). | 48% |
| Lucht féachana níos óige a amharcann ar chraoladh líneach TG4 (15-34 bliain d'aois) (TAM Ireland). | 721k |
| Lucht féachana clár Gaeilge leanaí agus rannpháirtíocht:<br>• Meánlucht féachana clár Gaeilge leanaí ar Cúla4 (Fios Físe).<br>• Amhairc físe Cúla4. | Aimsiú 75%<br>1.48m Amharc Físe |
| Tionchar na nAcmhainní Oideachais:<br>• An úsáid a bhaineann múinteoirí iar-bhunscoile nó bunscoile as ábhar TG4 lena n-áirítear Foghlaim TG4[3].<br>• Rannpháirtíocht le Foghlaim TG4: líon na n-imeachtaí ar an láthair. | 55% (Bunscoil)<br>667,800 Imeacht ar an Láthair |
| Rannpháirtíocht le Bloc: Líon na dTaispeáintí. | 6.64m |

1. Seinnteoir TG4, ábhar fada ar YouTube agus Seinnteoirí Tríú Páirtí ina measc.
2. Tá Líon na nóiméad a caitheadh ag amharc ar ábhar Líneach agus ar an Seinnteoir san áireamh i Sprioc 2025 agus Iarbhír 2025 Nóiméid Líneacha amháin atá i sprioc 2026 ós rud é go bhfuil Nóiméid an tSeinnteora san áireamh in "An úsáid as ábhar TG4 tras-ardáin". Ní áirítear TG4+1 ná Cúla4 in aon fhigiúirí.
3. Bhí suirbhé neamhspleách RedC (2023) bunaithe ar shuirbhé ar líne ar mhúinteoirí bunscoile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Is ó bhunachar sonraí na Roinne Oideachais agus TG4 a fuarthas an sampla de mhúinteoirí. Bhí na sonraí ualaithe bunaithe ar réigiún, inscne agus ar theagasc na Gaeilge / an Bhéarla atá ionadaíoch ar mhúinteoirí bunscoile in Éirinn. Suirbhé Independent Opinions (2025) ar iar-bhunscoileanna – ba de réir inscne agus réigiúin a cuireadh ualú i bhfeidhm sa suirbhé Ní raibh Independent Opinions in ann a dhéanamh amach go sonrach le Staitisticí na Roinne Oideachais iad-san ar múinteoirí Gaeilge iad i bPoblacht na hÉireann ná i dTuaisceart Éireann (TÉ). Ós rud é go raibh na torthaí a bhain le Poblacht na hÉireann ag teacht a bheag nó a mhór le staitisticí na Roinne Oideachais d'iar-bhunscoileanna i gcoitinne, níor cuireadh aon ualú i bhfeidhm. Níor cuireadh aon ualú i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann ach oiread mar nach mba eol uilephobal a bheith ann

## An Ghaeilge & An Ghaeltacht

| Méadracht | Sprioc 2026 |
|---|---|
| Oibriú le páirtithe leasmhara chun dul chun cinn a dhéanamh ar mhéadracht a fhorbairt le tuairisc a thabhairt ar an tionchar atá ag tacaíocht TG4 don Ghaeilge. | Dul chun cinn |
| Aithnítear TG4 mar sheirbhís thábhachtach chun tacú leis an nGaeilge, leis an gcultúr agus leis na healaíona agus chun iad a chur chun cinn trí scannáin agus trí chláir agus trí bhranda TG4 (aontaíonn %, gach lucht féachana, IPSOS B&A). | 90% |
| Aithnítear go bhfuil TG4 ag déanamh freastal maith ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta agus ag coinneáil an lucht féachana ar an eolas (lucht féachana na Gaeilge, Fios Físe). | 87% |

## Na Geilleagair Chruthaitheacha Réigiúnacha & Ghaeltachta

| Méadracht | Sprioc 2026 |
|---|---|
| Caite le comhlachtaí cruthaitheacha sna réigiúin. | Mar atá aontaithe i mBuiséad TG4 |
| Sciar de chaiteachas TG4 le comhlachtaí sa Ghaeltacht. | Mar atá aontaithe i mBuiséad TG4 |
| Dearcadh na hearnála scáileáin go gcuireann TG4 fiontar agus tallann léirithe scáileáin chun cinn in Éirinn agus go réigiúnach (suirbhé earnála - % de chomhlachtaí / páirtithe leasmhara a aontaíonn). | 90% |

## Nuálaíocht

| Méadracht | Sprioc 2026 |
|---|---|
| Aonad agus Straitéis Nuálaíochta TG4 i bhfeidhm. | Cuireadh an tAonad Nuálaíochta i bhfeidhm i R2 2026 (tar éis athstruchtúrú inmheánach). Beidh an straitéis i bhfeidhm i R4 2026. |
| Líon na n-iarratas ar mhaoiniú tionscadail. | 2 |

## Maoiniú & Luach don Phobal

| Méadracht | Sprioc 2026 |
|---|---|
| Ioncam tráchtála. | €6.08m |
| Buiséid bhliantúla a chomhlíonadh. | Gan aon róchaitea-chas ar bhuiséid |
| Sciar de mhaoiniú poiblí a infheistíodh in ábhar Gaeilge. | Mar atá aontaithe i mBuiséad TG4 |
| Sciar de mhaoiniú poiblí a caitheadh le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha (lena n-áirítear Oiliúint & Forbairt). | Mar atá aontaithe i mBuiséad TG4 |
| Sciar a caitheadh le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha a chruthaíonn maoin intleachtúil de chuid comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha in Éirinn (MI). | Mar atá aontaithe i mBuiséad TG4 |
| Dearcadh an phobail gur léir go bhfuil gá le TG4, agus go bhfuil ról soiléir ag TG4 sna meáin in Éirinn (aontaíonn %, IPSOS). | 90% |
| Dearcadh an phobail go gcuireann TG4 ábhar agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil (aontaíonn %, IPSOS). | 85% |

## Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR)

| Méadracht | Sprioc 2026 |
|---|---|
| Aithnítear go bhfuil TG4 riachtanach d'inbhuanaitheacht leanúnach na Gaeilge, na bpobal Gaeltachta agus d'éiteas agus d'fhéiniúlacht na Gaeltachta (aontaíonn %. IPSOS B&A). | 90% |
| Inbhuanaitheacht Chomhshaoil & Léiriú Inbhuanaithe:<br>• Éifeachtúlacht fuinnimh agus spriocanna CO2 a laghdú.<br>• Díriú ar chleachtais léirithe inbhuanaithe. | Spriocanna 2026 a bhaint amach |
| Inbhuanaitheacht ár ndaoine: Sástacht na Foirne (suirbhé ar shástacht na foirne – % sásta). | 85% |
| Aithnítear go bhfuil éagsúlacht agus dearcthaí éagsúla i TG4 (aontaíonn %, suirbhé B&A IPSOS). | 70% |
| Nuashonrú ar Straitéis GCSR & Plean ECI TG4 lena chinntiú go mbeidh sí ag teacht le Straitéis CÉII Choimisiún na Meán. | Le baint amach faoi R3 2026 |
| Dearcadh an phobail gur féidir TG4 a thrust (aontaíonn %, suirbhé B&A IPSOS). | 73% |
| Innéacs Rialachais TG4 (% as 100). | 100% |